iarchoilíneach, athbheochanach inar tháinig siad ar a gcló féin.


Saothar tábhachtach is ea é seo, a thugann lón machnaimh don léitheoir ar spéis leis díospóireachtaí chritic na Nua-Ghaeilge san fhichiú haoisháirithe agus don té atá ag saothrú i ngort na léirmheastóireachta. Ag imeacht ón na haistí, níor chuir ach cúpla rud beag isteach orm. Bhí mé beagán in amhras faoi chlúdach an leabhair (píosa ealaíne de chuid Brian Bourke ó na 1980idí), agus faoi loime an leagan amach ach ní haon smál é sin ar an údar ná foilsitheoir. Táimid faoi chomaoin acu araon. De réir shonraí an leabhair, as mórbhuiséad an fhoilsitheora féin amháin a tháinig an maoiniú lena fhoilsiú agus gan aon phingin aige ó chiste acadúil ar bith. Is léiriú beag eile é sin ar an bhfaillí atá á déanamh faoi láthair i bhfoilsitheoireacht acadúil na Gaeilge.

Moladh eile a dhéanfainn do chriticeoirí nó foilsitheoirí a bheadh ag cuimhneamh ar shaothair eile mar seo a eisiúint faoi ghnéithe eile de chritic na Nua-Ghaeilge (agus ba cheart), is é sin go gcuideodh iarfhocal ó chriticeoir eile leis an téacs. Is minic gur mó a chuimhníonn daoine ar réamhrá ó scríbhneoir eile, seachas ar cheann ón údar nó ón eagarthóir féin. Ach bheadh 'freagra' ó fhoinse éigin eile ar thuairimí de Paor feiliúnach ag deireadh an leabhair, rud a chuideodh freisin le comhthéacs critice níos leithne a thabhairt do smaointe an údair. Cúis áthais is ea an 'tseandíospóireacht' seo a bheith dúisithe. Ba cheart an díospóireacht chéanna critice anois a chur i bhfeidhm ar an nualitríocht ó 1970 i leith.

## KOSTKA
### PRZEMYSŁAW WYSOGLAD

FOILSITHEOIR: FOILSEACHÁIN ÁBHAIR SPIORADÁLTA, 2018, 116 LGH ISBN: 9781906982621

LÉIRMHEAS LE **MARIE WHELTON**




Le leathchéad bliain anuas tá naisc ag fás idir muintir na Polainne agus muintir na hÉireann. Níl amhras faoi ach go soláthraíonn na naisc sin deiseanna liteartha úrnua do scríbhneoirí ón dá thír, go háirithe maidir le gnéithe dár n-oidhreacht spioradálta chomhchoiteann a roinnt. Toradh ceannródaíoch eiseamláireach ar cheann de na naisc sin is ea an t-aistriúchán Gaeilge ón bPolainnis atá curtha ar fáil ag Mark Ó Fionnáin agus Foilseacháin Ábhair Spioradálta ar Kostka - úrscéal grafach le Przemysław Wysogląd, SJ, faoin Naomh Caitliceach Polannach, Stanisław Kostka (1550-1568).

Sa réamhrá, míníonn Wojciech Ziółek go bhfuil nós ann an Déag-Naomh a chur i láthair mar naomh idéalach cráifeach

> Bhí Pawel misniúil, cumasach agus reibiliúnach – bhí Stanislaw ciúin, leochaileach agus imníoch ”

ach go gceileann an íomhá shaorga sin a fhíornádúr casta. Is cinnte go gcuidíonn seánra an ghreannáin go mór leis an údar an t-idéalachas cráifeach sin a sheachaint óir ligeann sé don údar scéal an naoimh a insint le léaráidí nua-aimseartha ina bhfuil éagsúlacht stíle shuaithinseach.

Tá struchtúr ciorclach ar an úrscéal – is í an bhliain 1606 a thúsphointe agus téann an insint siar uaithi sin go dtí an bhliain 1550 agus ar ais, ag an deireadh, go 1607. Sa chéad radharc, is é deartháir Stanisław – Paweł – atá ag labhairt agus ag cuimhneamh ar an lá a bhásaigh Stanisław. Is cleas inniúil é peirspictíocht Paweł a chur i láthair óir tugann sé sin deis don údar an caidreamh idirphearsanta a bhíodh ann idir na deartháireacha a thaiscéaladh agus a dhéanamh lárnach sa phlota. Toisc an caidreamh sin a bheith casta agus achrannach go leor, coinníonn sé spéis an léitheora. Is é an chéad léargas a fhaigheann an léitheoir ar a gcaidreamh ná go raibh tionchar ollmhór ag bás anabaí Stanisław ar Paweł, rud a chomharthaítear sna pictiúir mar thromluí uafar in intinn Paweł.

Athraítear an pheirspictíocht go sciliúil ansin trí thagairt a dhéanamh do leabhrán a bhí fágtha, am a bháis, ag Stanisław ina sheomra do Paweł. Sa leabhrán sin, insíonn Stanisław scéal a bheatha féin. Is féidir an scéal sin a dheighilt ina thrí chuid. Sa chéad chuid, tugann sé léargas ar leanbhaois na ndeartháireacha – tógadh iad i dteach mór faoin tuath i Rostkowo na Polainne agus ba de shliocht uasal iad. Léiríonn na pictiúir agus an téacs go raibh luath-óige shona ghníomhach ag na buachaillí ach go raibh siad difriúil óna chéile – bhí Paweł misniúil, cumasach agus reibiliúnach – bhí Stanisław ciúin, leochaileach agus imníoch. Ba iad na heispéiris nó na haislingí spioradálta, idir aislingí den olc agus aislingí den mhaitheas, a bhíodh ag Stanisław, áfach, ba mhó a dhealaigh ó Paweł é.

Sa dara cuid dá scéal, tagraíonn Stanisław don athrú mór



This content downloaded from 176.61.69.16 on Fri, 14 Apr 2023 10:42:49 UTC
All use subject to https://about.jstor.org/terms

Oibríonn an téacs gonta i gcomhar leis na pictiúir shamhlaíocha chun léargas tarraingteach úrnua a thabhairt ar phearsantacht Naomh Stanisław Kostka

a tharla i saol na mbuachaillí nuair a bhog siad, agus iad sna luathdhéaga, in éineacht lena dteagascóir príobháideach, Jan Biliski, go Vín chun freastal ar mheánscoil Íosánach ansin. Is féidir sceitimíní na hóige a fheiceáil sna pictiúir fhuinniúla, ach, tugtar le fios, freisin, gur mhéadaigh ar an teannas idir Paweł agus Stanisław sa tréimhse sin. Ba léir go raibh mianta difriúla acu – theastaigh ó Paweł blaiseadh de phléisiúr an tsaoil ach mhothaigh Stanisław go raibh air 'guaim a choinneáil air féin' agus go raibh 'rud eile' á lorg aige (lgh 36-37). Ba ghearr gur bhuail tinneas mistéireach Stanisław. Agus é tinn, bhí eispéireas spioradálta aige inar mhol Muire dó dul i gCumann Íosa agus nuair a tháinig Stanisław chuige féin, thuig sé go mbeadh air toil Dé dá shaol a leanúint.

Sa tríú cuid dá scéal, eachtraíonn Stanisław na turais fhisiceacha agus spioradálta a bhí le déanamh aige chun freagairt dá ghairm chrábhaidh. Cuireann na pictiúir agus an téacs sa chuid sin den ghreannán béim thuisceanach ar dhiongbháilteacht agus ar mhisneach an naoimh. Faigheann an léitheoir amach, mar shampla, gur fhág sé Vín in aghaidh thoil a mhuintire agus gur thug sé turas fada air féin go hAugsburg, ar dtús, agus go Dillingen, ansin, chun iarraidh ar údaráis na nÍosánach glacadh leis mar nóibhíseach. Bhí drogall ar an ord glacadh leis gan beannacht a athar, áfach, agus moladh dó dul go dtí an Róimh chun cead a lorg ó ghinearál an oird ansin. Bhí ar Stanisław turas fada eile a dhéanamh trí na hAlpa go dtí an Róimh. Sa deireadh, tugadh cead dó dul isteach i dteach na nóibhíseach ansin. In ainneoin go mbíodh sé fós ag fáil comhfhreagrais bhagraigh maidir lena chinneadh saoil óna athair agus go smaoiníodh sé ar a dhearthair, Paweł, go minic, bhí Stanisław an-sona sa Róimh agus mhothaigh sé go raibh a chuspóir bainte amach aige. Ní raibh sé i ndán dó go n-oirneofaí mar Íosánach é, áfach, óir fuair sé bás tar éis tinnis ghairid eile ar Lá Fhéile Muire san Fhómhar, 15 Lúnasa, 1568.

Is cliste mar a thugann an greannán an léitheoir ar ais arís ansin go dtí an pointe imeachta – an bhliain 1606 – agus nuacht tagtha chuig Paweł ón Róimh go bhfuil an Pápa Pól V tar éis a dheartháir a bheannú go hoifigiúil. Smaoiníonn Paweł arís ar an dea-thionchar a bhí ag a dheartháir ar a shaol. Tugtar tuilleadh mionsonraí faoin tionchar sin sa stiallghreannán deireanach sa leabhar – colún ó nuachtán ón mbliain 1607 atá ann ina dtugtar tuairisc iarbháis ar Paweł féin. Deimhníonn an tuairisc sin gur tháinig athrú ollmhór air sa bhliain 1568 tar éis bhás a dhearthár agus go ndearna sé go leor gníomhartha Críostaí dá bharr - bhunaigh sé mainistir, ospidéal agus brú do dhaoine gan dídean, mar shampla, agus, sula bhfuair sé bás, chaith sé seal in Ord na nÍosánach.

Ar an iomlán, is úrscéal grafach den scoth é Kostka. Oibríonn an téacs gonta i gcomhar leis na pictiúir shamhlaíocha chun léargas tarraingteach úrnua a thabhairt ar phearsantacht Naomh Stanisław Kostka. Ní léargas róchráifeach idéalach é ach léargas a théann i ngleic le hanbhuain an naoimh, lena chuardach cráite paiseanta ar Dhia, lena dhiongbháilteacht in aghaidh an fhreasúra, lena chaidreamh corrach lena dheartháir agus leis an tionchar a bhí aige ar an deartháir sin, Paweł. Trí bhéim a chur ar dhaonnacht an naoimh agus ar na dúshláin phearsanta a bhí le sárú aige, éiríonn leis an údar/maisitheoir é a chur i láthair mar dhéagóir a bhfuil scéal a bheatha fós ábhartha d'aos óg an lae inniu. Is éacht suaithinseach é sin nuair a chuirtear san áireamh go bhfuil 450 bliain imithe ó fuair Stanisław Kostka bás.



This content downloaded from
176.61.69.16 on Fri, 14 Apr 2023 10:42:49 UTC
All use subject to https://about.jstor.org/terms